Fabraic agus Snáithín/Ceachtanna Priontála le Leanaí

Le Gemma McGirr

Cuspóirí:

- *Fiosraigh féidearthachtaí fabraice agus snáithín mar mheáin don chur in iúl samhlaíoch (leathanach 23)*
- *Bain úsáid as teicnící éagsúla do dhéanamh priontaí (leathanach 20)*

Ábhair: Heiseán, gearrtha i bpíosa timpeall ½ mhéid leathanaigh A4
Bioranna fiacla
Páipéar siúcra daite
Bileoga páipéir A4 bán
Criáin
Cailceanna daite

Spreagadh: Na hábhair

Gníomhaíochta:
D'fhiafraigh mé de na leanaí an raibh a fhios acu cad is fabraic ann. Mar fhreagra dhírigh siad méar ar an tuaille, na ceirteacha 'J-cloth' agus ceirteacha eile fabraic i mbosca. D'fhiafraigh mé an raibh fabraic ar bith eile sa seomra ranga agus d'fhéach siad timpeall an tseomra arís. Thaispeáin mé píosa heiseáin dóibh agus chuir mé ceist orthu an raibh a fhios acu cad a bhí ann. "Fabraic?" a dúirt siad mar fhreagra. Thug mé píosa an duine dóibh agus d'iarr mé orthu cur síos a dhéanamh ar mar a mhothaigh sé – cuid de na freagraí a fuair mé:"righin, scríobach, láidir, garbh, tochasach". D'fhiafraigh mé cén úsáid a bhainfí as, ar mhaith leo veist déanta de heiseán? "Níor mhaith" adúirt siad go cinnte "tá sé róscríobach." D'iarr mé orthu a gcuid léinte agus a ngeansaithe a bhrath agus cur síos a dhéanamh orthu. Spreag sé sin ráiteas ó dhuine de na leanaí, "is fabraic atá inár gcuid éadaí freisin!" D'iarr mé orthu an heiseán a bholú agus cur síos a dhéanamh air. Dúirt leanbh amháin gur chuir sé 'Woodies' i gcuimhne dó mar go raibh boladh cairpéid uaidh.

D'fhéachamar ar fhí an heiseáin le feiceáil conas a rinneadh é agus tharraingíomar roinnt dual as na himill. D'iarr mé orthu amharc ar a gcuid léinte, an raibh an fhí chéanna le feiceáil iontu? Spreag sé sin comhrá faoi fhabraic bhog agus faoi shnáth chomh mín sin gurbh ar éigean a bhí an fhí le feiceáil. Ó tharla go raibh geansaithe lámhchniotáilte ar chuid de na leanaí cuireadh ceisteanna fúthu, an fabraic a bhí iontu sin freisin? D'aontaigh siad go raibh máithreacha agus mamónna go hiontach mar go raibh siad ábalta geansaithe áille a chniotáil!

Thaispeáin mé dóibh conas dual a tharraingt as lár an phíosa heiseáin, ag úsáid bior fiacla chun é a tharraingt aníos beagán agus é a tharraingt leis na méara ansin. (Bíonn sé deacair ar lámha beaga áirithe na duala a tharraingt ón taobh).

© An Lárionad Náisiúnta do Theicneolaíocht san Oideachas

Mhínigh mé dóibh go bhféadfaidís patrúin áille a chruthú trí na duala a tharaingt amach, ar mhaith leo triail a bhaint as sin? Thug siad faoi agus fuaireadar amach go bhféadfaidís cearnóga agus dronuilleoga a dhéanamh trí tharraingt ón taobh agus ón mbarr. Chuir cuid de na leanaí a méara sna poill chun ciorcail a dhéanamh astu. Nuair a bhí a gcuid patrún déanta acu cuireadh ar bhileoga daite de pháipéar siúcra iad agus bhí cuma bhreá orthu.

Bhailíomar na duala agus dúirt mé leo go rabhamar chun iad a úsáid chun pictiúr eile a dhéanamh. Spreagadh iad chun patrúin a dhéanamh leis na duala ar an mbord, patrún ar bith ba mhaith leo, corach, díreach, lúbach, casta.....

Chuireamar na bileoga A4 tharstu agus thóg siad cuimilteán le criáin. Bogadh an páipéar beagán agus tógadh cuimilteán eile le crián de dhath eile. Bogadh an leathanach arís agus rinneadh cuimilteán eile, le cailc dhaite an uair seo. Mhínigh mé dóibh gur 'meáin mheasctha' a bhí anseo a úsáideann ealaíontóirí. Bhí gliondar orthu mar gheall ar a gcuid iarrachtaí agus rinneadh an-chuid cainte faoi phatrúin, dath agus conas ar athraigh dathanna nuair a cuirteadh ar mhullach chéile iad. Bhí an-fhonn orthu a gcuid pictiúr a thaispeáint dá chéile. Bailíodh na duala do lá eile agus cuireadh na pictiúir ar taispeáin taobh le taobh ar chláir fhógraí.

Measúnú/Ag amharc agus ag Freagairt:
Tharla sé seo agus na leanaí ag obair agus ar feadh roinnt laethanta ina dhiaidh sin, agus bhí sceitimíní ar na leanaí faoina bpriontaí 'meáin mheasctha'. Rinneadh an-chuid cainte faoi ealaíontóirí an tseomra ranga agus cad a dhéanfaidís nuair a bheidís fásta suas!

Nasc: Fabraic agus Snáithín; Priontáil; Péint agus Dath

Imeascadh:
Mata: Cruthanna, patrúin
Forbairt Teanga
SPHE: Na héadaí a chaithimid, ag tabhairt aire dúinn féin
SESE: Cad as a dtagann fabraic?

Nóta: Dá mbeadh sé ar chumas na leanaí, b'fhéidir ag deireadh bhliain na Naionán Sinsir, d'fhéadfaí rópa a fhí as na duala a bhí bailithe againn. Ba chabhair é na duala a dhathú le cailceanna nó criáin.

© An Lárionad Náisiúnta do Theicneolaíocht san Oideachas